

F504 31052022

Ó: Caoimhín Ó Cadhla

Seolta: Monday 9 May 2022 09:50

Chuig: Eoghan O Cruadhlaioch

Ábhar: Aighneacht Foilsitheoirreachta agus Léitheoirreachta

 11 Bea 22 Litir Cumhdaigh Chonradh na Gaeilge Aighneacht Foilsitheoirreachta agus Léitheoirreachta na Gaeilge.pdf ▾
352 KB

 11 Bea 22 Aighneacht Foilsitheoirreachta agus Léitheoirreachta na Gaeilge.pdf ▾
436 KB

Eoghan, a chara,

Tá síul agam go bhfuil tú go maith.

Bhí sé i gceist agam go mbeidh an aighneacht maidir le cúrsaí Foilsitheoirreachta agus Léitheoirreachta a sheoladh chugat inniu, ach faraor níl sé críochnaithe go fóill. Ba mhaith liom aighneacht cheart a sheoladh isteach, an miste leat go seolfainn isteach é i gceann lá nó dhó ionas gur féidir obair cheart a dhéanamh air.

Bheinn buíoch más féidir síneadh ama a thabhairt dom don aighneacht thábhachtach seo.

Is mise, le meas,

Caoimhín Ó Cadhla



Caoimhín Ó Cadhla
Feidhmeannach Taighde & Anailísé



Ó: Caoimhín Ó Cadhla

Seolta: Wednesday 11 May 2022 17:09

Chuig: Eoghan O Cruadhlaioch

Ábhar: Aighneacht Chonradh na Gaeilge maidir le cúrsaí Foilsitheoirreachta agus Léitheoirreachta na Gaeilge

Eoghan, a chara,

Iniata gheobhaidh tú Aighneacht agus Litir Chumhdaigh Chonradh na Gaeilge maidir le cúrsaí Foilsitheoirreachta agus Léitheoirreachta na Gaeilge. Bí i dteagmháil má tá aon cheist agat faoin aighneacht.

Is mise, le meas,

Caoimhín Ó Cadhla



Caoimhín Ó Cadhla
Feidhmeannach Taighde & Anailísé

11 Bealtaine, 2022

A Eoghain, a chara,

Ba mhaith liom thar cheann Conradh na Gaeilge aighneacht a chur isteach maidir leis an tuarascáil atá á hullmhú ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge maidir le cúrsai Foilsitheoirreacht agus Léitheoirreacht na Gaeilge. Is mise an Feidhmeannach Taighde agus Anailíse i gConradh na Gaeilge.

Is maith go bhfuil an Comhchoiste ag breathnú ar Fhoilsitheoirreacht agus Léitheoirreacht na Gaeilge. Tá an Ghaeilge in áit na leathphingine i gcomparáid leis an mBéarla maidir leis na hábhair seo. Tá sé thar am cothrom na féinne a thabhairt don Ghaeilge.

Tá moltaí ag Conradh na Gaeilge inár n-aighneacht a chuideoidh leis an normalú léitheoirreachta i nGaeilge agus le deiseanna a fheabhsú ó thaobh foilsitheoirreachta agus dáileacháin de. Táimid ag suíl go gcuirfear ár moltaí san áireamh.

Is mise, le meas,



Caoimhín Ó Cadhla

Feidhmeannach Taighde agus Anailíse



Aighneacht

Foilsitheoirreacht agus Léitheoirreacht na Gaeilge

Bealtaine 2022

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Foilsitheoirreacht agus Léitheoirreacht na Gaeilge.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athrémniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ónar bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gniomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oiléanda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a forbairt ar oiléán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iliomad ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bionn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian diograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

1. CAD IAD NA CONSTAICÍ ATÁ ANN AGUS SCRÍBHNEOIRÍ, FOILSITHEOIRÍ, DÁILEOIRÍ AGUS DÍOLTÓIRÍ NA GAEILGE I MBUN A GCEIRDE?

Caithfear breathnú ar an ábhar seo ar bhonn níos leithne, ní amháin go gcaithfear foilsitheoirreacht agus léitheoirreacht a chur san áireamh ach ábhair eile a chur san áireamh atá naschta leo ar nós oideachais, na meáin, an tseirbhís poiblí agus an earnáil phríobháideach.

Beidh sé léirithe tríd an aighneacht seo go bhfuil easpa normalú an phríomhchonstaicií atá ann don fhoilsitheoirreacht agus léitheoirreacht na Gaeilge. Is é sin le rá go bhfuil neamhionannas ann idir an Ghaeilge agus an Béarla. Go dtí go réiteofar an neamhionannas sin ní féidir normalú a dhéanamh ar an nGaeilge. Dar ndóigh tá an Béarla mar mhórtheanga an domhain, an tríu teanga leis an méid is mó cainteoiri dúchasacha ina ndiaidh na Mandairinise agus na Spáinnise, le suas go 379 milliún cainteoiri. https://en.wikipedia.org/wiki/List_of_languages_by_number_of_native_speakers. Sa daonáireamh deireanach in 2016 dúirt 1.77 milliún go raibh Gaeilge labhartha acu <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/gag/>. Maidir le táirgeadh eolais tá an Béarla mar an phríomhtheanga dhomhanda i bhfoilseachán leabhair 21.84% den bhfoilseachán dhomhanda, i bhfoilseachán nuachtán agus irisí 62.55%, i bhfoilseachán iris léinn 45.24%, agus i bhfoilseachán leathnáigh ghréasáin 56.43%. Ach ó thaobh litearthacha de tá sciar níos mó den domhan níos liteartha sa Mhandaírinis 14.68% i gcomparáid le Béarla 10.58% <https://journal.lib.uoguelph.ca/index.php/perj/article/view/826/1358>.

Tá easpa meáin trí Ghaeilge ina constaic mhór, cé go bhfuil maoiniú á thabhairt ag Foras na Gaeilge do Tuairisc.ie, Nós.ie agus Comhar. Tá go leor irisí ag feidhmiú gan maoiniú stáit, cé go raibh maoiniú rialta ó Fhoras na Gaeilge acu cheana cosúil le Feasta, an tUltach agus an Timire.

2. CONAS IS FÉIDIR LEIS AN RIALTAS FÁIL RÉIDH LEIS NA CONSTAICÍ SIN, AGUS TACAÍOCHT A THABHAIRT DON EARNÁIL THÁBHACHTACH SEO CHUN Í FÉIN A CHAOMHNÚ, A FHORBAIRT AGUS A FHÁS?

Breis infheistíochta an freagra simplí air sin. Gaeiloideachas a leathnú amach go dtí an méid is mó agus gur féidir. Breis cursaí 3ú leibhéal a chur ar fáil trí Ghaeilge i ngach ábhar. Beidh ar na comhlacthaí poiblí 20% dá gcuid fógraíochta a dhéanamh trí Ghaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasuithe) 2021 agus 5% de bhuiséad blianntúil sin a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge. Tá buiséad mór ag an stát don fhógraíocht, mar sin is gó ullmhú ina treo nó ní chomhlíonfar an tAcht sin. Molann Conradh na Gaeilge go mbeidh réimse leathan tréimhseacháin idir chlóite agus ar líne ar fáil. Cuideoidh sé seo le feiceáilteach na Gaeilge agus níos mó léitheoirí a mhealladh i dtreo na bhfoilseachán Gaeilge.

Ó thaobh na teicneolaíochta de tá gó go mbeidh leagan Gaeilge ar fáil de Kindle, Kobo, srl. ionas go mbeidh an córas oibriúcháin ag feidhmiú trí Ghaeilge, go mbeidh foclóir Gaeilge agus teasáras ann agus go mbeidh lón mór leabhar Gaeilge air chomh maith.

Tá gó le níos mó ailt Ghaeilge ar an Vicipéid, beidh seo úsáideach don ríomhléitheoir chomh maith. Is fiú freisin go mbeidh leagan closeabhar de na ríomhleabhair ann. Cuideoidh sé le litearthacht freisin mar go mbeidh siad in ann aon fhocal a fhoghrú nó mura dtuigtear an focal scríofa b'fhéidir go dtuigtear an focal labhartha chun míniú a fháil ón téacs.

Tá gó le feachtas ceart léitheoirreachta a spreagadh as Gaeilge. Tá feachtas Love Leabhar Gaeilge ann, ach caithfear an feachtas a fhás. Ba chóir go mbeidh fógraí teilifise, raidió, nuachtán, póstaer, na meáin shóisialta, srl. ann ag spreagadh daoine chun léamh as Gaeilge.

3. CAD IAD NA HÁBHAIR AGUS NA SEÁNRAÍ ATÁ AR FÁIL DO LÉITHEOIRÍ NA GAEILGE, IDIR LEABHAIR, IRISÍ AGUS TRÉIMHSEACHÁIN, AGUS IDIR CHRUAIGHÍPEANNA AGUS CHÓIPEANNA LEICTREONACHA?

4. CAD IAD NA HÁBHAIR ATÁ DE DHÍTH AR PHOBAL NA GAEILGE?

Níl teorainn ar na hábhair atá de dhíth ar phobal na Gaeilge. Mar sin an méid is mó scríbhneoirí atá ag scriobh i nGaeilge, is fearr é.

5. CONAS IS FÉIDIR LE LEABHARLAINNA POIBLÍ NA N-ÚDARÁS ÁTIÚIL ÁBHAIR AGUS SEÁNRAÍ GAEILGE A CHUR AR FÁIL DON PHOBAL GO FEICEÁLACH I NGACH LEABHARLANN, SEACHAS IAD A BHEITH AR FÁIL AR IARRAIDH AMHÁIN?

6. CONAS IS FÉIDIR LEIS AN RIALTAS É SEO A CHINNTIÚ?

Is féidir an Rialtas seo a chinntiú trí threoirínlte a leagadh síos do na hÚdarás Áitiúla go mbeidh sé mar choinníoll a leagadh síos go mbeidh 20% de na leabhair ar na seilfeanna as Gaeilge agus eagraithe ar bhonn Dewey.